**Tearmann Éanna CTR**

**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**

**Tuairisc na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais**

**don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2023**

**Uimhir Chláraithe: 293758**

**Tearmann Éanna CTR**

**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**

**Tuairisc na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais**

**Clár**


| | *Leathanach* |
|---|---|
| Stiúrthóirí agus Eolas Eile | 3 |
| Tuairisc na Stiúrthóirí | 4 - 5 |
| Ráiteas faoi Fhreagracht Stiúrthóirí | 6 |
| Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha | 7 - 10 |
| Cuntas Ginearálta Ioncaim agus Caiteachais | 11 |
| Clár Comhardaithe | 12 |
| Ráiteas i dtaobh Athruithe ar na Cúlchistí | 13 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 14 |
| Nótaí faoi na Cuntais | 15 - 30 |

**Tearmann Éanna CTR**

**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**

**Stiúrthóirí agus Eolas Eile**

| | |
|---|---|
| **Stiúrthóirí** | Máirtín Ó Conghaile (Cathaoirleach)<br>Stiofán Ó Coisdealbha<br>Barbara Ní Chualáin (Éirithe as 17/07/2023)<br>Pól Ó Neachtain<br>Mairtín Ó Ceallaigh<br>Breandán Breathnach<br>Bláinaid Gilmartin (Éirithe as 04/09/2023)<br>Mairtín Lee<br>Síle Bhreathnach (Éirithe as 04/09/2023)<br>Martin Walsh<br>Caitriona Majella Ni Rainne (Ceaptha 23/10/2023) |
| **Rúnaí** | Caitriona Majella Ni Rainne (Ceaptha 23/10/2023)<br>Síle Bhreathnach (Éirithe as 04/09/2023) |
| **Oifig Chláraithe** | An Tulach<br>Baile na hAbhann<br>Gaillimh |
| **Uimhireacha Carthanachta** | 20046279<br>CHY14300 |
| **Iniúchóir** | Fenora Limited<br>*ag trádáil mar*<br>Monaris Accounting<br>Cuntasóirí Deimhnithe Cairte & Iniúchóirí Cláraithe<br>Platinum Suites<br>Aonad 5B, Centrepoint<br>Eastát Tionscail Liosbán<br>Bóthar Thuama<br>Gaillimh<br>H91 D2FW |
| **Banc** | AIB<br>177 Bóthar na Trá Uachtair<br>Gaillimh |
| **Dlíodóirí** | Geraghty & Co<br>1 Ascaill Rós Mhuire<br>An Fhaiche Mhór<br>Gaillimh |

**Tearmann Éanna CTR**
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**
**Tuairisc na Stiúrthóirí**

Is mian leis na Stiúrthóirí a dtuarascáil a chur faoi bhráid an Chruinnithe Cinn Bhliana chomh maith le Cuntais Iniúchta Airgeadais na cuideachta don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2023.

**An Phríomhghníomhaíocht**
Is é gnó na cuideachta ná leanacht ar aghaidh ag soláthar seirbhísí tithíochta chomh maith le seirbhísí eile atá riachtanach do dhaoine aosta ar bhonn neamhbhrabúsach.

**Príomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí**
Is iad na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí ná maoiniú a bheith ar fáil ar bhonn leanúnach le deis a thabhairt don chuideachta a clár gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm. Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú rialta ar an méid iomlán atá ag teacht isteach ó dheontais agus tá monatóireacht á dhéanamh go minic ar chaiteachas. Déantar é seo chun riosca airgeadais a laghdú agus chun bheith deimhin go mbeidh ioncam na cuideachta níos mó nó ar a laghad comhionnann leis an gcaiteachas.

**Torthaí Airgeadais**
Ba é farasbarr na bliana i ndiaidh dímheasa, amúchadh deontais caipitil agus iasacht tharscaoilte ó Comhairle Chontae na Gaillimhe ná €70,349 (2022 – €108,667). Tá na torthaí le haghaidh na bliana seo le feiceáil ar leathanach 11.

**Forbairtí idir Lámha**
Bhí buiséid éagsúla do dhá thogra tithíochta ceadaithe ag an Roinn Títhíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta, le tacaíocht leanúnach ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe tríd an scéim CAS.

Tá obair leanúnach á dhéanamh ar an dá thogra athchóirithe tithíochta atá lonnaithe i Eanach Mheáin agus Ros a'Mhíl.

**Forbairtí sa Todhchaí**
Tá na stiúrthóirí ag leanacht ar aghaidh agus ag cur an Plean Straitéiseach Deich mBliana 2014 – 2024 i bhfeidhm. Déanfar measúnú ar fhorbairt sheirbhísí reatha agus nua, ag brath ar éileamh ón bpobal agus de réir mar a thagann siad chun cinn.

**Tearmann Éanna CTR**
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**
**Tuairisc na Stiúrthóirí**
**(Ar Leanúint)**

**Stiúrthóirí**
Is iad seo a leanas na stiúrthóirí a bhí ann le linn na bliana, mura léirítear a mhalairt:

Máirtín Ó Conghaile (Cathaoirleach)
Stiofán Ó Coisdealbha
Barbara Ní Chualáin
Pól Ó Neachtain
Mairtín Ó Ceallaigh
Breandán Breathnach
Bláinaid Gilmartin
Mairtín Lee
Síle Bhreathnach
Martin Walsh
Caitriona Majella Ni Rainne

Ní dhearnadh aon athrú eile san mBord Stiúrthóirí idir an 31 Nollaig 2023 agus an dáta ar síníodh na ráitis airgedais.

**Tarlúintí tar éis Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe**
Ó dheireadh na bliana níor tharla aon imeachtaí suntasacha a raibh tionchar acu ar an gcuideachta nach bhfuil san áireamh sna Ráitis Airgeadais.

**Taifid Chuntasaíochta**
Chun cinnteacht a dhéanamh de go gcoimeádtar taifid dhóthanacha chuntasaíochta de réir Ailt 281 agus 265 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tá na stiúrthóirí tar éis cuntasóirí atá cáilithe go cuí a fhostú agus tá córais chuntasaíochta ríomhairithe curtha i bhfearas acu. Coinnítear na taifid chuntasaíochta in oifigí na cuideachta ar An Tulach, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

**Iniúchoírí**
Tá na hiniúchóirí, Monaris Accounting, tar éis a chur in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig de réir fhorálacha Alt 383(2) d'Acht na Cuideachtaí, 2014.

Thar ceann an Bhoird:

Stiúrthóir:____________
Máirtín Ó Conghaile

Stiúrthóir:____________
Martin Walsh

Dáta:11 Meitheamh 2024

**Tearmann Éanna CTR**
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**

**Ráiteas faoi Fhreagracht na Stiúrthóirí**

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an dlí is infheidhme in Éirinn agus leis an gCleachtas Cuntasaíochta a bhFuil Glacadh Leis in Éirinn ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

Tá sé dlite de réir Dhlí na gCuideachtaí go n-ullmhódh na Stiúrthóirí ráitis airgeadais do chuile bhliain airgeadais.

Faoin dlí sin tá socrú déanta ag na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a bhFuil Glacadh Leis in Éirinn (caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura deimhin leo go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta mar a bhí ar dháta deiridh na bliana airgeadais agus ar farasbarr nó ar easnamh na cuideachta don bhliain airgeadais sin agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí, 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ní mór do na Stiúrthóirí:

- Polasaithe cuntasaíochta feiliúnacha a roghnú le haghaidh ráitis airgeadais na cuideachta agus cloí leo go rialta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Dearbhú a thabhairt i dtaobh cibé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shonrú, agus cuntas a thabhairt ar an éifeacht atá le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus na fáthanna atá le haon imeacht ábhartha den sórt sin; agus
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as deimhin a dhéanamh de go gcoimeádann an chuideachta nó go gcuireann sí faoi deara go gcoimeádtar taifid dhóthanacha chuntasaíochta ina mínítear agus ina dtaifeadtar i gceart idirbhearta na cuideachta, lena gcumasaítear tráth ar bith sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta a dhéanamh amach ar shlí réasúnta cruinn, lena gcumasaítear dóibh deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí, 2014 agus lena gcumasaítear na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a choinneáil slán agus dá réir sin as bearta réasúnacha a chur i gcrích chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:

Stiúrthóir: [signature]
Máirtín Ó Conghaile

Stiúrthóir: [signature]
Martin Walsh

Dáta: 11 Meitheamh 2024

## Tuarascálacha na nIniúchóirí Neamhspleácha ar na Ráitis Airgeadais do Bhaill Thearmann Éanna CTR

### Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

**Tuairim**

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Tearmann Éanna CTR ('an chuideachta') don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ina bhfuil an Cúntas Ioncaim agus Caiteachas, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas i dtaobh Athrú ar na Cúlchistí, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 2. Is é dlí na hÉireann agus FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú.

Is é ár mbarúil go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas cothrom cruinn ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar stáid airgeadais na cuideachta ar 31 Nollaig 2023 agus ar an mbrabús don bhliain dar críoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir FRS 102, "an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann", ag cur Alt 1A den chaighdeán sin i bhfeidhm,agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

**An bonn atá faoin tuairim**

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) (ISAs (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin i bhfreagrachtaí an Iniúchóra maidir leis an iniúchadh i rannán na ráiteas airgeadais dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eitice atá ábhartha maidir lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil a d'eisigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na ceanglais sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuaireamar dóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim.

**Tátail a bhaineann le gnóthas leantach**

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas a gceanglaíonn ISAs (Éire) orainn tuairisc a thabhairt daoibh ina leith:

- nach bhfuil an úsáid a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta in ullmhú na ráiteas airgeadais oiriúnach; ná
- nár nocht na stiúrthóirí sna ráitis airgeadais aon neamhchinnteacht ábhartha shonraithe a d'fhéadfadh amhras suntasach a fhágáil i dtaobh chumas na cuideachta leanúint den bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a n-údaraítear na ráitis airgeadais a eisiúint.

**Faisnéis eile**

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Áirítear san fhaisnéis eile an fhaisnéis eile atá ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus ár dTuarascáil Iniúchóra ina dtaobh sin. Ní chuimsíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin a mhéad a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní léirímid aon chineál tátail dearbhaithe air sin.

**Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear in Acht na gCuideachtaí 2014**

De réir ár dtuairime atá bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, tuairiscímid:

- go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain airgeadais a bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe ina leith. comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais; agus
- gur ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme.

Chomh fada agus is eol dúinn, tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn atá riachtanach chun críocha ár n-iniúchta,

Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh gan mhoill agus i gceart agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Nithe a bhfuil ceanglas orainn tuairisciú orthu trí eisceacht**

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin, breithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas ar thángamar air san iniúchadh, nó an dealraitheach go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha ar shlí eile. Má shainaithnímid neamhréireachtaí ábhartha nó míshonruithe ábhartha dealraitheacha den sórt sin, ceanglaítear orainn a chinneadh an bhfuil aon mhíshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó mhíshonrú ábhartha déanta ar an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go dtagaimid ar an tuairim go ndearnadh míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orainn an fíoras sin a thuairisciú. Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis seo.

**Ábhair a gceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt orthu ar bhonn eisceachtúil**

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an gcuideachta agus a timpeallacht a fuaireamar i rith an iniúchta, níor shainaithníomar aon mhíshonrú ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí. Ceanglaítear orainn le hAcht na gCuideachtaí, 2014 tuairisc a thabhairt daoibh más rud é, inár dtuairim, nach ndéantar luach saothair ná idirbhearta na stiúrthóirí a nochtadh faoi mar a cheanglaítear é sin a dhéanamh le hailt 305 go 312 den Acht. Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis seo.

**Freagrachtaí faoi seach**

**Freagrachtaí na stiúrthóirí i leith na ráiteas airgeadais**

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom, agus as cibé rialú inmheánach a chinneann siad a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a ullmhú.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is infheidhme, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus ag baint úsáid as an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta mura bhfuil sé i gceist ag an lucht bainistíochta an chuideachta a leachtú nó deireadh a chur lena hoibriú, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

**Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais**
Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnach a fháil i dtaobh an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus Tuarascáil Iniúchóra a bhfuil ár dtuairim ar áireamh inti a eisiúint. Is ionann dearbhú réasúnach agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go n-aimseofar in iniúchadh a dhéantar de réir ISAs (Éire) míshonrú ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le míshonruithe eascairt as calaois nó as earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar cinntí iad a ghlacfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí maidir le hiniúchadh ar na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin IAASA ag *www.iaasa.ie/wp-content/uploads/2022/10/Description_of_auditors _responsibilities_for_audit.pdf.* Ba chóir an cur síos breise sin a l é amh mar chuid dhilis dár dthuarascáil..

**Cuspóir ár n-oibre iniúchta agus na daoine a bhfuilimid freagrach dóibh**
Tá ár dtuarascáil á déanamh do chomhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, agus dóibhsean amháin, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta ionas gur féidir linn na nithe sin a gceanglaítear orainn iad a chur in iúl do chomhaltaí na cuideachta i dTuarascáil Iniúchóra a chur in iúl dóibh; ní dhearnadh an obair iniúchta sin chun aon chríche eile. A oiread agus a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht ná ní ghlacaimid orainn féin aon fhreagracht do dhuine ar bith seachas don chuideachta agus comhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí ar thángamar orthu.

Cyril McGinty

Thar ceann Fenora Limited
*ag trádáil mar*
Monaris Accounting
Cuntasóirí Deimhnithe Cairte & Iniúchóirí Cláraithe
Platinum Suites
Aonad 5B, Centrepoint
Eastát Tionscail Liosbán
Bóthar Thuama
Gaillimh
H91 D2FW

Dáta:11 Meitheamh 2024

## Aguisín a Ghabhann le Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

## Tuilleadh faisnéise maidir le raon feidhme ár bhfreagrachtaí mar iniúchóir

Mar chuid d'iniúchadh, de réir ISAs (Éire), bíonn breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i réim againn ó thús deireadh an iniúchta. Lena chois sin, déanaimid an méid seo a leanas:

- Na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta atá freagrach do na rioscaí sin a dhearadh agus a chur i gcrích; agus teacht ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim. Is mó an riosca a bhíonn ann nach n-aimseofaí míshonrú ábhartha a tharlaíonn de bharr calaoise ná nach n-aimseofaí míshonrú ábhartha a tharlaíonn de bharr earráide, mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, bréagléiriú, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Tuiscint a fháil ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta atá oiriúnach sna himthosca a dhearadh, ach gan é sin a dhéanamh chun tuairim a léiriú i dtaobh éifeachtacht rialú inmheánach na cuideachta.

- Meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta atá á n-úsáid ar agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara a rinne na stiúrthóirí.

- Teacht ar thátal i dtaobh a oiriúnaí atá an úsáid a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, teacht ar thátal i dtaobh an mbaineann neamhchinnteacht ábhartha le tarlúintí nó le dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaimid ar an tátal go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a tharraingt inár dTuarascáil Iniúchóra ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, ár dtuairim a mhodhnú. Tá ár dtátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuaireamar go dtí dáta ár dTuarascáil Iniúchóra. Mar sin féin, d'fhéadfadh, de bharr tarlúintí nó dálaí amach anseo, go scorfadh an chuideachta de bheith ina gnóthas leantach.

- Meastóireacht a dhéanamh ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais trí chéile, lena n-áirítear na nochtuithe, agus ar cibé acu atá léiriú sna ráitis airgeadais ar na hidirbhearta agus ar na tarlúintí bunúsacha ionas go bhfuil an cur i láthair cothrom.

Déanaimid cumarsáid leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu i dtaobh, i measc nithe eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus bhreith-thorthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh suntasach ar an rialú inmheánach a shainaithnímid le linn ár n-iniúchta.

**Tearmann Éanna CTR**

**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**

**Cuntas Ginearálta Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2023**

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | 4 | 1,013,052 | 1,180,138 |
| Costais Riaracháin | | (986,472) | (1,033,839) |
| **Farasbarr Roimh Ús** | 5 | 26,580 | 146,299 |
| Gnóthachain agus Caillteanais Eile | 6 | 43,769 | (37,632) |
| **Farasbarr Roimh Cháin** | | 70,349 | 108,667 |
| Cáin Chorparáide | | - | - |
| **Farasbarr don Bhliain** | | 70,349 | 108,667 |

Thar ceann an Bhoird:

Stiúrthóir: ____________________
Máirtín Ó Conghaile

Stiúrthóir: ____________________
Martin Walsh

Dáta:11 Meitheamh 2024

**Tearmann Éanna CTR**
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**

## Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 8 | 4,601,942 | 4,707,943 |
| Infheistíochtaí | 9 | 492,242 | 448,473 |
| | | 5,094,184 | 5,156,416 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 10 | 210,438 | 215,257 |
| Airgead Tirim agus Airgead Coibhéiseach | | 231,485 | 248,507 |
| | | 441,923 | 463,764 |
| **Creidiúnaithe iníochta taobh istigh de bhliain amháin** | 11 | 112,525 | 120,622 |
| **Socmhainní/(Dliteanais) Reatha Glan** | | 329,398 | 343,142 |
| | | 5,423,582 | 5,499,558 |
| **Dliteanais iníochta tar éis bliana** | 12 | (3,561,828) | (3,708,153) |
| **Socmhainní Iomlán lúide Dliteanais** | | 1,861,754 | 1,791,405 |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchistí Ainmnithe | 16 | 352,000 | 352,000 |
| Cistí Neamhshrianta | 16 | 1,509,754 | 1,439,405 |
| | | 1,861,754 | 1,791,405 |

Thar ceann an Bhoird:

Stiúrthóir:
Máirtín Ó Conghaile

Stiúrthóir:
Martin Walsh

Dáta:11 Meitheamh 2024

**Tearmann Éanna CTR**

**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**

**Ráiteas i dtaobh Athrú ar na Cúlchistí mar a bhí ar an 31 Nollaig 2023**

| | Ciste Neamh-shrianta € | Cúlchistí Ainmnithe € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Mar a bhí ar an 1 Eanáir 2022** | 1,330,738 | 352,000 | 1,682,738 |
| Farasbarr don Bhliain | 108,667 | - | 108,667 |
| **Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2022** | 1,439,405 | 352,000 | 1,791,405 |
| Farasbarr don Bhliain | 70,349 | - | 70,349 |
| **Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2023** | 1,509,754 | 352,000 | 1,861,754 |

## Tearmann Éanna CTR
## (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

### Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 70,349 | 108,667 |
| Coigeartú i leith: | | | |
| Dímheas | | 127,864 | 123,734 |
| (Gnóthachan)/Caillteanas ar Infheistíochtaí | | (43,769) | 37,632 |
| Amúchadh deontais rialtais | | (41,710) | (38,833) |
| Iasacht Tharscaoilte ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe | | (118,993) | (118,993) |
| | | (6,259) | 112,207 |
| **Gluaiseachtaí sa chaipiteal oibre** | | | |
| Gluaiseacht sna féichiúnaithe | | 4,819 | (67,403) |
| Gluaiseacht sna creidiúnaithe | | (8,097) | (7,304) |
| Airgead Tirim Ginte ó Oibríochtaí | | (9,537) | 37,500 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhartha infheistíochtaí** | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a fháil | | (21,863) | (37,103) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais** | | | |
| Deontais rialtais | | 14,378 | 5,000 |
| Morgáiste ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe | | – | 40,330 |
| | | 14,378 | 45,330 |
| **Méadú glan ar airgead tirim agus ar airgead coibhéiseach** | | (17,022) | 45,727 |
| Airgead tirim agus airgead coibhéiseach ag tús na bliana | | 248,507 | 202,780 |
| **Airgead tirim agus airgead coibhéiseach ag deireadh na bliana** | 18 | 231,485 | 248,507 |

**Tearmann Éanna CTR**

**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan cairchaipiteal)**
**Nótaí faoi na cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

1. **Faisnéis Ghinearálta**

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta i bPoblacht na hÉireann is ea Tearmann Éanna CTR. Tá oifig chláraithe na cuideachta lonnaithe ag An Tulaigh, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe, áit a bhfuil príomhoifig gnó na cuideachta freisin. Tá eolas faoi oibreachaí agus phríomhghnó na cuideachta ar fáil i dTuairisc na Stiúrthóirí. Is é an Euro (€) airgeadra na cuideachta agus tá na Ráitis Airgeadais curtha i láthair i Euro.

2. **Polasaí Cuntasaíochta**

**Ráiteas i dtaobh Comhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na cuideachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 ar bhonn gnóthais leantaigh agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn agus de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 agus de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102 1A) arna Aeisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte

**An Bonn atá faoin Ullmhú**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil. Bunaítear an costas stairiúil de ghnáth ar luach cóir na comaoine a thugtar mar chúiteamh ar shócmhainní. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a déileáladh le nithe a measadh gur nithe ábhartha iad i ndáil le ráitis airgeadais na cuideachta.

**Coinbhinsiún Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil.

**Ioncam**

Áirítear ioncam nó caipiteal deonach sa Cúntas Ioncaim agus Caiteachas i gcás go bhfuil an chuideachta ina teideal de réir an dlí, gur féidir a luach airgeadais a chainníochtú le cinnteacht réasúnta agus go bhfuil cinnteacht réasúnta go bhfaighfear é. Mínítear ioncam arna fháil roimh fheidhmíocht dlíthe faoi chonradh mar ioncam iarchurtha go dtí go dtuilltear é. Aithnítear deontais mar ioncam i gcás gur sásaíodh na coinníollacha lena mbaineann an teidlíocht dlí. Mínítear an t-ioncam eile ar fad ar bhonn fabhraithe.

**Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus dímheas**

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir a gcostais nó a luacha, lúide dímheas carntha. Déantar an muirear i leith dímheasa a ríomh chun costas nó luach bunaidh na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta, i gcaitheamh na saolréanna úsáideacha a bhfuil súil leo ina leith mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Talamh agus foirgnimh | 2% de réir méid chothroim |
| Fearas, feisteas agus trealamh | 20% de réir méid chothroim |
| Mótarfheithiclí | 20% de réir méid chothroim |

Déantar athbhreithniú bliantúil ar luach tugtha anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe i dtaca le bearnúchán le linn tréimhsí má mheastar go bhféadfadh, de bharr tarlúintí nó athruithe ar dhálaí, nach mbeadh an luach tugtha anonn in-aisghabhála.

## 2. Polasaí Cuntasaíochta (Ar Leanúint)

**Infheistíochtaí**
Sonraítear infheistíochtaí ag luach cóir. Aithnítear méaduithe nó laghduithe ar luach cóir i mbrabús nó i gcaillteanas.

**Iasachtai Tithíochta**
Níl morgáistí ó Comhairle Chontae na Gaillimhe nó ón Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta, faoin Scéim Cúnaimh Caipitil, inaisíochta a mhéid is go gcloítear leis na coinníollacha ar leith atá leagtha amach sna comhaontuithe iasachta. Tarscaoileadh na hiasachtaí seo tar éis tréimhse ama áirithe. Nuair a tharscaoiltear iad caitear leis na hiasachtaí gan íoc, amhail tabhartais leis an gcuideachta.

**Iasachtaí Lamháltais**
Is iasachtaí lamháltais iasachtaí atá faighte ag rátaí níos lú ná rataí an mhargadih idir an chuideachta agus an tríú páirtí nach bhfuil le híoc ar éileamh. D'úsáid an chuideachta an cur chuige cuntasaíochta seo a leanas:

Measúnú tosaigh: Ag an méid atá faighte agus aitheanta sa gclár comhardaithe.

**Féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile**
Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile a aithint i dtosach de réir luach cóir agus sonraítear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh ráta úis, ach amháin sa chás gurbh ionann agus éifeacht neamhábhartha an éifeacht a bheadh le lascainiú, agus sa chás sin sonraítear iad de réir a gcostas.

**Creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile**
Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile a aithint i dtosach de réir luach cóir agus sonraítear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh ráta úis, ach amháin sa chás gurbh ionann agus éifeacht neamhábhartha an éifeacht a bheadh le lascainiú, agus sa chás sin sonraítear iad de réir a gcostas.

**Sochair na bhFostaithe**
Aithnítear sochair ghearrthéarma, lena n-áirítear pá saoire agus sochair eile neamhairgeadais cosúla, mar chostas sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís. Is é beartas na cuideachta go gcaithfear an saoire bhliantúil ar fad a ghlacadh sa bhliain féilire agus dá bhrí sin ní theastaíonn aon tabhú as aon pá saoire nach n-íocadh.

**Cánachas**
Ní ghearrtar aon cháin ar bharrachas na cuideachta de bhrí go bhfuil Stádas Carthanais tugtha don chuideachta (CHY 14300).

**Forálacha atá ar Fáil d'Aonáin Bheaga**
Mar aonán beag faoi fhorálacha APB maidir le Caighdeáin Eiticiúla, baineann an chuideachta leas as a cuid iniúchóirí chun Ráitis Airgeadais Reachtúla na Cuideachta a ullmhú.

## 2. Polasaí Cuntasaíochta (Ar Leanúint)

**Deontais Rialtais**

Déileáltar le deontais chaipitil a fuarthas nó atá infhála mar ioncam iarchurtha agus amúchtar go bliantúil iad sa gCuntas Ioncaim agus Caiteachais in imeacht shaolré úsáideach na sócmhainne lena mbaineann siad. Cuirtear deontas ioncaim chun sochair sa gCuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear é.

## 3. Imeacht ó Chur i Láthair Acht na gCuideachtaí, 2014

Roghnaigh na stiúrthóirí Cuntas Ioncaim agus Caiteachais a chur i láthair in ionad Cuntas Brabúis agus Caillteanais sna ráitis airgeadais seo mar gur aonán neamhbhrabúsach atá sa chuideachta seo.

## 4. Ioncam

Tá ioncam ar fad na cuideachta inchurtha i leith a gníomhaíochtaí i bPoblacht na hÉireann agus díorthaítear é ó phríomhghníomhaíocht na cuideachta, is é sin soláthar seirbhísí.

## 5. Farasbarr ar Ghnáthimeachtaí

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tá an farasbarr oibriúcháin curtha in iúl i ndiaidh na nasbhaintí/(gcréidiúnaithe) | | |
| Dímheas | 127,864 | 123,734 |
| Amúchadh deontais rialtais | (41,710) | (38,833) |
| Iasacht tharscaoilte ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe | (118,993) | (118,993) |

## 6. Gnóthachain agus Caillteanais eile

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seo a leanas gnóthachain agus caillteanais luacha chóir: | | |
| Infheistíochtaí i gciste ilshocmhainní | 43,769 | (37,632) |

## 7. Fostaithe agus Íocaíochtaí

Is é an líon daoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta ar an meán i rith na bliana ná:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | Líon | Líon |
| Bainistíocht | 2 | 2 |
| Riarachán | 3 | 3 |
| Fostaithe eile | 21 | 26 |
| | 26 | 31 |

## 7. Fostaithe agus Íocaíochtaí (Ar Leanúint)

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Anailís ar chostas fóirne: | | |
| Pá agus tuarastal | 535,626 | 655,986 |
| Costais leasa shóisialaigh | 53,315 | 67,305 |
| | 588,941 | 723,291 |

Thuill fostaí amháin tuarastal sa bhanda €60,000 go €69,999 in 2023 (2022: gan aon cheann).

B'ionann tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus €66,000 in 2023 (2022: €55,000 in aghaidh na bliana).

## 8. Sócmhainní Seasta

| | Talamh & Foirgnimh Saorsheilbh € | Fearas, Feistiú & Áiseanna € | Feithiclí € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2023 | 5,826,840 | 184,765 | 130,289 | 6,141,894 |
| Breiseanna don bhliain | - | 21,863 | - | 21,863 |
| Diúscairt don bhliain | - | - | - | - |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 5,826,840 | 206,628 | 130,289 | 6,163,757 |
| **Díluacháil** | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2023 | 1,204,265 | 126,551 | 103,135 | 1,433,951 |
| Diluacháil don bhliain | 79,759 | 31,916 | 16,189 | 127,864 |
| Diúscairt don bhliain | - | - | - | - |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 1,204,265 | 158,467 | 103,135 | 1,561,815 |
| **Luach Glan** | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | **4,542,816** | **48,161** | **10,965** | **4,601,942** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | 4,622,575 | 58,214 | 27,154 | 4,707,943 |

## 9. Infheistíochtaí

| | Infheistíochtaí Liostaithe | Iomlán |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Infheistíochtaí** | | |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ar an 1 Eanáir 2023 | 448,473 | 448,473 |
| Méadú/(laghdú) ar luacháil sa mbliain | 43,769 | 43,769 |
| | 492,242 | 492,242 |
| **Luach Glan** | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | **492,242** | **492,242** |
| Ar an 31 Nollaig 2022 | 448,473 | 448,473 |

D'infheistigh an comhlacht €400,000 i gciste ilshocmhainní le Pershing Securities International Limited i mí na Samhna 2019.

## 10. Féichiúnaithe

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe | 137,671 | 111,596 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 72,767 | 103,661 |
| | 210,438 | 215,257 |

## 11. Dliteanais Reatha

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cáin | 28,851 | 43,996 |
| Fabhruithe | 62,482 | 56,209 |
| Ioncam Iarchurtha | 21,192 | 20,417 |
| | 112,525 | 120,622 |

## 12. Dliteanais iníochta tar éis bliana

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Morgáiste ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe (Nóta 13) | 3,085,536 | 3,204,529 |
| Deontais chaipitil (Nota 14) | 476,292 | 503,624 |
| | 3,561,828 | 3,708,153 |

## 13. Morgáiste ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Morgáiste ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe | 3,085,536 | 3,204,529 |
| Téarma Aisíocaíochta: | | |
| Níos mó ná cúig bhliain | 3,085,536 | 3,204,529 |

Tá an morgáiste urraithe ar réadmhaoine na gcuideachta - Fóilió 30945F, Fóilió 54149F, Fóilió 3131F, Fóilió 323F, Fóilió 39074F, Fóilió 10528F agus Fóilió 40499F Chontae na Gaillimhe.

Tharscaoil Comhairle Chontae na Gaillimhe a ceart ar aisíocaíochtaí ar mhorgáistí Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tarscaoilfear aisíocaíochtaí na n-iasachtaí seo chomh fada is go leanfar ag comhlíonadh coinníollacha na scéime. Tá siad seo inaisíoctha i gcás go stopfar úsáid na n-aonad agus na bhfoirgneamh cóiríochta de réir ghníomhaíochtaí carthanacha na cuideachta.

## 14. Deontais Chaipitil

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ag tús na bliana | 503,624 | 537,457 |
| Ag deireadh na bliana | 518,002 | 542,457 |
| **Amúchadh** | | |
| Amúchta sa bhliain | (41,710) | (38,833) |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | |
| Ag deireadh na bliana | 476,292 | 503,624 |

## 15. Deontas

| | |
|---|---|
| 1. Gníomhaireacht Deontais | Pobal |
| Roinn Rialtais | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| Clár Deontais | Clár Seirbhísí Pobail |
| Aidhm an Deontais | Seirbhísí a sholáthar do dhaoine Scothaosta i gceantar Chois Fharraige i nGaeltacht Chonamara lena n-áirítear Ionad Lae a thacaíonn agus a thugann aire do dhaoine a bhfuil deacrachtaí síciatracha acu |
| Deontas Iomlán | €128,132 |
| Deontas a glacadh mar ioncam sa tréimhse | €117,747 |
| An t-airgead a fuarthas sa tréimshe | €128,132 |
| Aon suimeanna deontais (iarchurtha) nó dlite ag deireadh na tréimhse | €10,384 |
| Caiteachas | €117,747 |
| Téarma | 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023 |
| Deireadh na bliana a fuarthas | 31 Nollaig 2023 |
| Deontas Caipitil | €0 |
| Srian ar Úsáid | Ranníocaíocht bhliantúil sheasta i gcomhair na gcostas a bhaineann le bainisteoir (€36,000 sa bhl.) agus ceithre phost choibhéiseach lánaimseartha (€23,033 per post sa bhl.) |
| Imréiteach Cánach | Tá |
| An bhfuil sé ag comhlíonadh ciorcláin bhartha, lena n-áirítear ciorclán 44/2006, "Tax Clearance Procedures Grants, Subsidies and Similar Type Payments" | Tá |

**15. Deontas (Ar Leanúint)**

| | |
|---|---|
| 2. Gníomhaireacht Deontais | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Roinn Rialtais | An Roinn Sláinte |
| Clár Deontais | Cúnamh Deontais |
| Aidhm an Deontais | Néaltrú - Seirbhisí Lae, Gáirdín, Café agus Béilí ar Rothaí |
| Deontas Iomlán | €109,000 |
| Caiteachas | €109,000 |
| - Deontas a glacadh mar ioncam sa tréimhse | €109,000 |
| - An t-airgead a fuarthas sa tréimshe | €109,000 |
| - Aon suimeanna deontais (iarchurtha) nó dlite ag deireadh na tréimhse | - |
| Téarma | 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023 |
| Deireadh na bliana a fuarthas | 31 Nollaig 2023 |
| Deontas Caipitil | €0 |
| Srian ar Úsáid | Tacaíocht le barrchostais agus cúram faoiseamh |

**15. Deontas (Ar Leanúint)**

| | |
|---|---|
| 3. Gníomhaireacht Deontais | Comhairle Chontae na Gaillimhe |
| Roinn Rialtais | An Roinn Rialtas Áitiúil |
| Clár Deontais | Cúnamh Deontais |
| Aidhm an Deontais | Deontas bainistíochta agus cothabhála tithíochta |
| Deontas Iomlán | €10,577 |
| Caiteachas | €10,577 |
| - Deontas a glacadh mar ioncam sa tréimhse | €10,577 |
| - An t-airgead a fuarthas sa tréimshe | €10,577 |
| - Aon suimeanna deontais (iarchurtha) nó ag dlite deireadh na tréimhse | €0 |
| Téarma | 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023 |
| Deireadh na bliana a fuarthas | 31 Nollaig 2023 |
| Deontas Caipitil | €0 |
| Srian ar Úsáid | Costais bainistíochta agus cothabhála tithe |

**Tearmann Éanna CTR**
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**
**Nótaí faoi na cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**
**(Ar Leanúint)**

**15. Deontas (Ar Leanúint)**

| | |
|---|---|
| 4. Gníomhaireacht Deontais | Local Link |
| Roinn Rannóg | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil |
| Clár Deontais | Seirbhís Taistil |
| Aidhm an Deontais | Tacaíocht do sheirbhís taistil mionbhus |
| Deontas Iomlán | €20,014 |
| Caiteachas | €20,014 |
| - Deontas a glacadh mar ioncam sa tréimhse | €20,014 |
| - An t-airgead a fuarthas sa tréimshe | €20,014 |
| - Aon suimeanna deontais (iarchurtha) nó ag dlite deireadh na tréimhse | €0 |
| Téarma | 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023 |
| Deireadh na bliana a fuarthas | 31 Nollaig 2023 |
| Deontas Caipitil | €0 |
| Srian ar Úsáid | Tacaíocht do sheirbhís taistil mionbhus |

**15. Deontas (Ar Leanúint)**

| | |
|---|---|
| 5. Gníomhaireacht Deontais | Pobal |
| Roinn Rialtais | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| Clár Deontais | Ciste Infheistíochta na nIonad Pobal |
| Aidhm an Deontais | Uasghrádú trealamh lónadóireachta |
| Deontas Iomlán | €14,378 |
| Caiteachas | €14,378 |
| - Deontas a glacadh mar ioncam sa tréimhse | €14,378 |
| - An t-airgead a fuarthas sa tréimshe | €14,378 |
| - Aon suimeanna deontais iarchurtha nó dlite ag deireadh na tréimhse | €0 |
| Téarma | 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023 |
| Deireadh na bliana a fuarthas | 31 Nollaig 2023 |
| Deontas Caipitil | Tá |
| Srian ar Úsáid | Uasghrádú trealamh lónadóireachta |

**15. Deontas (Ar Leanúint)**

| | |
|---|---|
| 6. Gníomhaireacht Deontais | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Roinn Rialtais | An Roinn Sláinte |
| Clár Deontais | Íocaíocht Paindéimeach Aitheantais Speisialta |
| Aidhm an Deontais | Chun luach saothair a thabhairt do ghach oibrí cúram sláinte a d'oibrigh le linn na paindéime |
| Deontas Iomlán | €11,800 |
| - Deontas a glacadh mar ioncam sa tréimhse | €11,800 |
| - An t-airgead a fuarthas sa tréimhse | €11,800 |
| - Aon suimeanna deontais (iarchurtha) nó dlite ag deireadh na tréimhse | €0 |
| Caiteachas | €11,800 |
| Téarma | 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023 |
| Deireadh na bliana a fuarthas | 31 Nollaig 2023 |
| Deontas Caipitil | €0 |
| Srian ar Úsáid | Chun luach saothair a thabhairt do ghach oibrí cúram sláinte a d'oibrigh le linn na paindéime |

## 16. Cúlchistí

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Is seo a leanas Polasaí Cúlchiste na cuideachta: | | |
| Cúlchiste ainmnithe (i) | 352,000 | 352,000 |
| Teagmhasach eile (ii) | 429,304 | 455,053 |
| Caipiteal cúlchiste oibre (iii) | 71,551 | 75,842 |
| Sócmhainní sheasta glan luacháil morgáiste agus deontas caipitil | 1,008,899 | 908,510 |
| | 1,861,754 | 1,791,405 |

(i) Socraíodh de réir gnáthrúin, ar an 27 Samhain 2013, go n-aistreofaí €320,000 go ciste ainmnithe ar son forbairt agus airgeadú saoráid chúraim fhásta. Socraíodh de gnáthrún, ar an 10 Bealtaine 2022, go n-aistreofaí €32,000 breise go ciste ainmnithe.
(ii) De réir deá-chleachtais, ba chóir go mbeadh cúlchiste airgid sé mhí ar fáil le costaisí athfhillteach na comhlachta a rith i gcás imthoscaí eisceachtúla.
(iii) Ba chóir go mbeadh a dhóthain airgid sa cúlchiste le costas an comhlacht a rith ar feadh míosa ar eagla go mbeadh moill ar fáil maoiniú.

## 17. Ceangaltais Chaipitil

Tá athchóiriú fairsing mórscála faofa ag an mBord Stiúrtha ar thrí Aonad Tithíochta déag ar an ionad in Eanach Mheáin agus ar shé theach i Ros a Mhíl. Tá sé faofa freisin dhá theach i Ros a Mhíl a leagan agus a atógáil. Ní raibh aon chonradh sínithe ag 31 Nollaig 2023 maidir leis na forbairtí seo.

## 18. Airgead Tirim agus airgead coibhéiseach

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Airgead agus iarmhéid bainc | 231,485 | 248,507 |

## 19. Stádas

Tá dliteanas na gcomhaltaí teoranta do €15.

## 20. Tarlúintí tar éis Dheireadh na bliana cuntasaíochta

Ó dheireadh na bliana níor tharla aon imeachtaí suntasacha a raibh tionchar acu ar an gcuideachta nach bhfuil san áireamh sna Ráitis Airgeadais.

## 21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a faomhadh agus a údarú lena n-eisiúint ar 11 Meitheamh 2024.

**Tearmann Éanna CTR**

**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**

**Eolas Breise**

**a bhaineann leis na Ráitis Airgeadais**

**don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

**nach bhfuil clúdaithe i dTuarascáil na nIniúchóirí**

**Níl na Leathanaigh Seo a Leanas ina gCuid de na Ráitis Airgeadais Iniúchta**

**Tearmann Éanna CTR**
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**

**Cuntas Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Pobal – CSP | 117,747 | 108,132 |
| Tacaíocht Baile | 460,435 | 688,514 |
| Cíos | 59,258 | 60,977 |
| Béilí ar Rothaí | 37,025 | 37,431 |
| Local Link | 20,014 | 19,963 |
| Comhairle Chontae na Gaillimhe – Deontas Bainistíochta agus Cothabhála Tithíochta | 10,577 | 13,952 |
| An Roinn Sláinte | 109,000 | 74,750 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 1,367 | 2,314 |
| Pobal ar Aire | 460 | 550 |
| Síntiúis | 220 | 346 |
| NascTuaithe na hÉireann | 340 | - |
| Cíos Seomra | - | 70 |
| Cíos – Teach Phosta | 12,423 | 8,213 |
| Ioncam Ionad Lae | 8,640 | 7,100 |
| | 837,506 | 1,022,312 |
| **Costais Riaracháin** (Lch 30) | (986,472) | (1,033,839) |
| | (148,966) | (11,527) |
| **Ioncam Ilghnéitheach** | | |
| Amúchadh Deontais Caipitil | 41,710 | 38,833 |
| Iasacht Tharscaoilte ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe | 118,993 | 118,993 |
| Gnóthacháin/(Caillteanais) in Infheistíochtaí | 43,769 | (37,632) |
| Íocaíocht Paindéimeach - Aitheantais Speisialta | 11,800 | |
| Scéim Fóirdheontas pá | 3,043 | |
| | 219,315 | 120,194 |
| **Farasbarr don Bhliain** | 70,349 | 108,667 |

**Costais Riaracháin**

| | | |
|---|---|---|
| Pá agus Tuarastal | 588,941 | 723,291 |
| Árachas | 23,879 | 22,508 |
| Solas & Teas | 12,064 | 15,394 |
| Rátaí Uisce | 1,073 | - |
| Deisiúcháin, Cothabháil & Glanadh | 35,117 | 34,964 |
| Priontáil, Stáiseanóireacht & Postas | 6,534 | 5,967 |
| Fógraíocht | 23,205 | 2,804 |
| Teileafón | 6,911 | 1,750 |
| Costais Feithiclí | 28,493 | 29,846 |
| Costaisí Ionaid Lae & Béilí ar Rothaí | 36,439 | 28,959 |
| Sláinteachas | 1,958 | 1,544 |
| Costais Taistil | 7,391 | 4,055 |
| Táillí dlí | 1,790 | - |
| Comhairleoir Acmhainní Daonna | 17,468 | - |
| Seirbhísí Cuntasaíochta | 18,003 | 8,502 |
| Seirbhísí Pá-Rólla | 3,600 | 3,541 |
| Iniúchadh | 7,811 | 6,765 |
| Costais Suíomh Idirlín | 7,406 | 1,725 |
| Táillí Bainc | 1,127 | 1,023 |
| Costais Ilnithe | 17,598 | 17,467 |
| Íocaíocht Paindéimeach - Aitheantais Speisialta | 11,800 | 0 |
| Díluachái1 | 127,864 | 123,734 |
| | 986,472 | 1,033,839 |